Irish translation of: *Swine flu vaccination: what you need to know*

EOLAS FAOI
FHLIÚ NA MUC
www.directgov.uk/swineflu
0800 1 513 513

Vacsaín fhliú na muc:
cad ba chóir a bheith ar eolas agat

Fliú. Cosain tú féin agus daoine eile.

Cad is fliú na muc ann?

Is galar riospráide é fliú na muc a bhfuil cineál nua de víreas an fhliú mar chúis leis. Ní thugann na vacsaíní don fhliú séasúrach atá ar fáil cheana féin cosaint in aghaidh fhliú na muc agus cruthaíodh vacsaín nua don fhliú dá bharr.

Cé chomh tromchúiseach atá fliú na muc?

Bíonn comharthaí éadroma ag formhór na ndaoine le fliú na muc. Faigheann siad é go tapaigh agus maireann sé ar feadh seachtaine nó mar sin de ghnáth. Bíonn fiabhras, tuirse, casacht agus scornach tinn ag daoine le fliú na muc. I measc na gcomharthaí eile bíonn tinneas cinn, pianta sna matáin, crithfhuacht, sraothartach, srón ag sileadh, easpa goile, urlacan agus buinneach.

Tá seans ann go mbeidh daoine áirithe go dona tinn le fliú na muc. Ina measc tá daoine le riochtaí sláinte fadtéarmacha, daoine atá ag iompar clainne nó daoine a bhfuil galar nó cóireáil le haghaidh galair ag cur isteach ar a gcórais imdhíonachta. B'fhéidir go mbeidh orthu dul go dtí an t-ospidéal, nó b'fhéidir go bhfaighidh siad bás más droch-chás atá i gceist.

Sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach an vacsaín a fháil sa chaoi is nach bhfaighidh daoine fliú na muc.

Faoi vacsaín fhliú na muc

Cruthaíodh vacsaíní chun cosaint in aghaidh an víris atá mar chúis le fliú na muc. Tá dhá bhranda difriúla den vacsaín – Pandemrix agus Celvapan. Ní bheidh ach dáileog amháin ag teastáil ó a lán de na daoine a gheobhaidh an vacsaín

Pandemrix. Beidh dhá dháileog ag teastáil ó dhaoine a gheobhaidh an vacsaín Celvapan, trí seachtaine idir gach ceann.

An bhfuil sé mar an gcéanna le vacsaíniú in aghaidh an fhliú séasúraigh?
Níl. Tá difríocht idir vacsaín fhliú na muc agus an vacsaín a fhaightear in aghaidh an fhliú séasúraigh a chuirtear ar fáil gach bliain. Ní thugann vacsaín an fhliú séasúraigh cosaint in aghaidh fhliú na muc. Más rud é go dtugtar comhairle duit de ghnáth vacsaín a fháil in aghaidh an fhliú séasúraigh, ba chóir duit é a fháil. Tá seans ann go gcuirfear vacsaín fhliú na muc ar fáil duit freisin.

Ní thugann vacsaín an fhliú séasúraigh cosaint in aghaidh fhliú na muc.

Cé a gheobhaidh an vacsaín ar dtús?
Tá an vacsaín á chur ar fáil ar dtús do dhaoine a bhfuil an baol is mó ann go n-éireoidh siad go dona tinn más rud é go bhfaigheann siad fliú na muc. Tá na daoine sin sna grúpaí tosaíochta seo a leanas:

1. Daoine fásta agus páistí atá níos mó ná sé mhí d'aois a bhfuil riocht fadtéarmach orthu, lena n-áirítear:
• Galar ainsealach scamhóige
• Galar ainsealach croí
• Galar ainsealach duáin
• Galar ainsealach ae
• Galair ainsealacha néareolaíocha
• Diabetes mellitus
• Córas imdhíonachta lag de bharr galair nó chóireáil le haghaidh galair. Mar shampla, daoine nach bhfuil liathán acu, daoine atá faoi chóireáil a dhéanann an córas imdhíonachta a shochtadh nó daoine atá ag tógáil a lán stéaróideach sistéamach.

2. Mná atá ag iompar clainne, cibé an chéim
Más rud é go bhfuil tú ag iompar clainne, tá baol níos mó ann go mbeidh tú go dona tinn má fhaigheann tú fliú na muc. Go dtí seo, tugann fianaise le fios go bhfuil ceithre oiread an seans ann go mbeidh aimhréidh thromchúiseach ag mná atá ag iompar clainne má fhaigheann siad fliú na muc agus go bhfuil cúig oiread an seans ann go mbeidh orthu dul go dtí an t-ospidéal. Tá an baol i bhfad níos mó ag céimeanna deiridh an toirchis.

3. Daoine atá ina gcónaí sa teach céanna le duine a bhfuil córas imdhíonachta lag aige nó aici de bharr galair nó cóireála.
Más rud é go bhfuil tú i do chónaí le duine a bhfuil cóireáil ailse á fháil aige nó aici, mar shampla, agus má fhaigheann tú fliú na muc, tá seans ann go bhfaighidh sé nó sí an fliú agus go mbeidh sé nó sí an-tinn leis.

Más rud é go bhfuil córas imdhíonachta an-lag agat, cuir ceist ar na daoine atá ina gcónaí leat faoin vacsaín a fháil chun cabhrú leat tú féin a chosaint in

aghaidh fhliú na muc. Mura bhfuil tú cinnte ar chóir duit an vacsaín a fháil, labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do bhanaltra cleachtaidh.

Tá an vacsaín á chur ar fáil freisin d'fhoireann chúram sláinte agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le daoine sna grúpaí thuas.

Cé hiad nach mbeidh ábalta vacsaín fhliú na muc a fháil?
Níl ach cúpla duine ann nach féidir leo vacsaín fhliú na muc a fháil. Ní chóir go dtabharfar na vacsaíní do dhuine ar bith a raibh droch-frithghníomh ailléirgeach aige nó aici ar dháileog den vacsaín roimhe sin nó ar aon chuid den vacsaín. Más rud é go bhfuil imní ort faoin bpointe seo, labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do bhanaltra cleachtaidh.

Cad faoi daoine a bhfuil ailléirge orthu le huibheacha?
Cruthaítear an vacsaín Pandemrix le huibheacha cearc sa bhealach céanna a chruthaítear vacsaíní an fhliú séasúraigh. Ní chóir go dtabharfar í do dhaoine a bhíonn frithghníomh anaifiolachtach deimhnithe acu (croitheadh nó deacrachtaí anála) nuair a thagann siad i dteagmháil le táirgí atá déanta as uibheacha. Ní bhaintear úsáid as uibheacha chun an vacsaín Celvapan a chruthú, más rud é go bhfuil droch-ailléirge orthu le huibheacha.

Cad faoi gach duine eile?
D'fhéadfaí an vacsaín a chur ar fáil níos déanaí do na daoine nach bhfuil sna grúpaí tosaíochta thuas. Tá dóthain vacsaíne ordaithe ag an Rialtas le haghaidh gach duine sa tír más rud é go mbeidh sé ag teastáil.

Cad eile ar chóir a bheith ar eolas agam?

An mbaineann fo-iarmhairtí leis an vacsaín?
Bíonn fo-iarmhairtí ag baint le gach vacsaín. Dath dearg, pian agus at san áit a fhaightear an t-instealladh. D'fhéadfadh vacsaíní fliú a bheith mar chúis le comharthaí cosúil le fiabhras, tinneas cinn agus pianta sna matáin, ach tá siad i bhfad níos éadroime ná an fliú féin agus ní maireann siad ach ar feadh lae amháin nó mar sin.

Más rud é go gceapann tú go raibh fo-iarmhairt níos measa agat nó ag duine eile le Pandemrix nó Celvapan, téigh i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Rialála Leigheasra agus Cúram Sláinte ag **www.mhra.gov.uk/swineflu**.

Ní vacsaín beo é agus ní bheidh fliú na muc mar thoradh air.

Ach conas is féidir linn bheith cinnte go bhfuil na vacsaíní seo sábháilte agus éifeachtach?
Is vacsaíní ceadúnaithe iad Pandemrix agus Celvapan. Rinneadh tástáil chliniciúil ar vacsaíní den chineál chéanna a úsáideann cineál víris fliú eile (H5N1). Ghlac níos mó ná 5,000 duine páirt sna tástálacha, seandaoine ina

measc. Nuair a bhí na vacsaíní á cheadúnú ag an gCoimisiún Eorpach, rinneadh athbhreithniú ar an bhfianaise go léir agus moladh go raibh sé ceart go leor iad a úsáid.

Léiríonn na tástálacha gur chuir daoine suas go maith leis na vacsaíní agus gur chruthaigh siad dóthain antasubstaintí chun iad a chosaint ón bhfliú.

De réir taithí le vacsaíní in aghaidh an fliú séasúraigh, taispeánadh nach gcuirtear isteach go mór ar shábháilteacht na vacsaíní nuair a athraítear an chineál víris sa vacsaín .

An bhfuil an vacsaín sábháilte do mhná atá ag iompair clainne?
Deir an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach gur féidir Pandemrix agus Celvapan a thabhairt do mhná atá ag iompar clainne. Moltar gur chóir do mhná atá ag iompar clainne vacsaín fhliú na muc a fháil toisc go bhfuil baol níos mó ann go mbeidh siad an-tinn má fhaigheann siad fliú na muc. Tá baol níos mó ann freisin go mbeidh orthu dul go dtí an t-ospidéal má fhaigheann an fliú. Tagann méadú ar na rioscaí seo ag céimeanna deiridh an toirchis.

Má fhaigheann tú vacsaín fhliú na muc d'fhéadfadh sé cabhrú leat fliú na muc a sheachaint agus do leanbh a chosaint, más rud é go bhfuil tú ar tí breithe.

An bhfuil vacsaín fhliú na muc ag teastáil uaim más rud é go raibh fliú na muc orm cheana féin?
Níor deimhníodh ach na cásanna is luaithe de fhliú na muc i dtástálacha saotharlainne, agus mar sin ní féidir le daoine bheith cinnte go raibh fliú na muc orthu. Ba chóir do dhaoine sna grúpaí tosaíochta an vacsaín a fháil ach amháin más rud é gur deimhníodh go raibh fliú na muc orthu.

Cad ba chóir dom a dhéanamh anois?

Más rud é go bhfuil tú i gceann de na grúpaí tosaíochta chun vacsaín fhliú na muc a fháil a ndéantar cur síos orthu i 'Cé a gheobhaidh an vacsaín ar dtús?', cuirfear cuireadh chugat chun dul go dtí clinic imdhíonta nó chun coinne a eagrú ag do lialann áitiúil.

Ní bhfaighidh gach duine sa tír seo an vacsaín ag an am céanna, ach ná bíodh imní ort mura gcloiseann tú ó do lialann áitiúil láithreach.

Tar éis cúpla seachtaine, mura mbíonn an vacsaín faighte agat fós agus má cheapann tú gur chóir go mbeadh sé faighte agat cheana, téigh i dteagmháil le do lialann áitiúil.

D'fhéadfadh dhá dháileog den vacsaín a bheith ag teastáil uait ag brath ar cén aois atá tú agus ar do riocht sláinte, agus ar an vacsaín a tugadh duit. Déarfaidh do dhochtúir leat ar chóir duit coinne eile a dhéanamh chun an dara dáileog a fháil.

Má cheapann tú go bhfuil fliú na muc ort
Cuir glaoch ar do dhochtúir ginearálta nó ar líne chabhrach fhliú na muc i dTuaisceart Éireann: **0800 0514 142**. Tá glaonna ó línte talún saor in aisce. D'fhéadfadh costais éagsúla a bheith bainteach le glaonna ó fhóin phóca agus ó chórais dhifriúla – seiceáil le do sholáthraí.

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait
Chun tuilleadh eolais a fháil faoi fhliú na muc:
www.direct.gov.uk/swineflu
0800 1 513 513

Cén fáth an smaoineamh maith í an vacsaín a fháil?
Má fhaigheann tú an vacsaín:

• cabhróidh sé leat tú féin a chosaint in aghaidh fhliú na muc
• cabhróidh sé leat do chlann agus daoine eile atá cóngarach leat a chosaint – toisc go mbeidh seans níos lú ann go bhfaighidh siad an víreas uait
• cabhróidh sé leat tú féin a chosaint ó ionfhabhtuithe a bheidh mar thoradh ar fhliú na muc amach anseo.

© Crown copyright 2009
Produced by COI for the Department of Health

Translation provided by the Public Health Agency

HSC Public Health Agency